Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8487/26**

**CDR 73**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, de Choiste na Réigiún |

1. I litir dar dáta an 5 Meitheamh 2025[1], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Mark SPEICH, comhalta de Choiste na Réigiún, a cheapadh agus ar dá bhun a ceapadh é.

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar ó na Ballstáit faoi seach.

[1] 10251/25.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Mark SPEICH, mhol rialtas na Gearmáine[2] Annika FOHN, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach í a bhfuil sainordú toghchánach in údarás réigiúnach aici, *Mitglied des Landtags Nordrhein-Westfalen* (Comhalta de Pharlaimint Stáit Nordrhein-Westfalen), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh, mar a leagtar amach in 8481/26 é, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

---

[2] 8391/26.